| | |
|---|---|
| **Cód:** | QA207 |
| **Teideal:** | **Polasaí Arduithe Céime Acadúla** |
| **Dáta an Pholasaí:** | Athbhreithnithe Eanáir 2026 |
| **Faomhadh:** | Foireann Bainistíochta na hOllscoile |
| **Úinéir an Pholasaí:** | An tUachtarán Ionaid & Meabhránaí |

## 1. Réamhrá

Tá meas ag Ollscoil na Gaillimhe ar an sármhaitheas agus é mar aidhm aici timpeallacht a chruthú inar féidir le gach comhalta foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tuigimid go dteastaíonn timpeallacht thacúil chuige seo, timpeallacht ina ndéantar sármhaitheas a chothú agus ina bhfuil luach ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo cur le baint amach na luachanna sin ar mhaithe lenár bhfoireann acadúil agus, ar deireadh, leis an Ollscoil trí chéile.

## 2. Raon Feidhme agus Incháilitheacht

Clúdaíonn an polasaí seo ardú céime a thabhairt do chomhaltaí foirne acadúla chuig Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach, agus Ollamh le agus Ollamh Bunaithe.

Ní bheidh an ghnáthaois scoir[1] sroichte ag iarrthóirí ar ardú céime roimh dháta éifeachtach an ardaithe céime. De ghnáth, ní mór tréimhse fostaíochta leanúnaí trí bliana in Ollscoil na Gaillimhe a bheith ag iarrthóirí sula ndéantar iarratas ar ardú céime faoin scéim seo. Ní cheadaítear iarratais ar ardú céime chuig leibhéil éagsúla ag an am céanna. Ní cheadaítear athiarratas a dhéanamh laistigh de dhá bhliain i ndiaidh iarratas a bheith déanta ar theip air ach amháin i gcúinsí atá sainithe go beacht (féach cuid 7.2 thíos).

## 3. Príomhphrionsabail

- Is trí phiarmheasúnú acadúil, piarmheasúnú ó mheasúnóirí seachtracha san áireamh, a dhéanfar an cinneadh faoi ardú céime.
- Beidh ardú céime bunaithe ar fheidhmíocht sna trí réimse seo a leanas:
    - Taighde & Léann;
    - Teagasc & Foghlaim;
    - Ceannaireacht Acadúil & Cion Oibre.

[1] *Ba cheart d'iarrthóir féachaint ar a c(h)onradh fostaíochta agus ar an reachtaíocht náisiúnta ábhartha chun sonraí maidir lena (h)aois scoir a fháil.*

- Déantar gach iarratas a mheas as féin i gcomhthéacs an Chreata Inniúlachta do Róil Acadúla in Ollscoil na Gaillimhe. Ní ar an iomaíocht idir iarrthóirí a dhéanfar an cinneadh maidir le hardú céime, ach ar iarrthóirí a bheith ag gabháil thar thairseacha sainmhínithe, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil.
- Ní fhéadfaidh Ceann Scoile ná Déan cúrsaí airgeadais Scoile nó Coláiste a chur san áireamh ar aon bhealach agus iad ag trácht ar an bhfiúntas a bhaineann le hiarratas ar leith.
- Beidh tiomantas don chomhionannas, don éagsúlacht agus don chuimsiú mar chuid lárnach den pholasaí. Áireofar leis sin treoirlínte soiléire chun saoire chosanta a mheas, etc. Déanfar comhlíonadh leis sin a mhonatóiriú ar bhonn meán rollach trí bliana.
- Déanann an Coiste Arduithe Céime Acadúla iarratais ar ardú céime a bhreithniú faoi dhó sa bhliain.
- Beidh an próiseas le hathbhreithniú i gcomhairle leis na ceardchumainn acadúla gach trí bliana.

## 4. Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta do chomhionannas deiseanna do gach comhalta foirne beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, náisiúntacht nó bunadh eitneach nó náisiúnta, ná gur duine de Phobal Taistealaithe na hÉireann iad. Tá an tiomantas seo mar bhonn agus taca leis an meicníocht chun aschur acadúil i leith ardú céime a mheas.

Dá réir sin, agus measúnú á dhéanamh ar iarratas, breathnófar ar aon chúinsí pearsanta, teaghlaigh nó neamhacadúla atá tagtha chun cinn ó ardú céime nó ceapachán deireanach an iarrthóra atá curtha faoi bhráid an Choiste Arduithe Céime Acadúla ag an iarrthóir agus a raibh tionchar aige ar chumas an chomhalta foirne an méid céanna aschuir a tháirgeadh i gcomparáid le comhalta foirne inchomparáide nár imríodh tionchar air/uirthi nó nár thóg sos óna g(h)airm.

Ag eascairt as ceann de phríomhchuspóirí straitéiseacha Phlean Straitéiseach na hOllscoile, Fís 2020, is é sin “an comhionannas inscne a chur chun tosaigh san eagraíocht”, aithníonn an Ollscoil go bhfuil easpa ban ag gráid shinsearacha agus moltar do mhná iarratas a dhéanamh ar ardú céime. Cuirfear fáilte roimh iarratais ó chomhaltaí foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha agus mar an gcéanna roimh iarratais ó dhaoine atá faoi chosaint faoi fhorais na nAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018.

## 5. Minicíocht

Breithneoidh an Coiste Arduithe Céime Acadúla iarratais atá curtha faoi bhráid Acmhainní Daonna faoin spriocdháta cuí. Beidh dhá spriocdháta den sórt sin ann in aghaidh na bliana: 16.00 ar an lá deireanach oibre de mhí Feabhra agus 16.00 ar an lá deireanach oibre de mhí Lúnasa.

## 6. Feidhmíocht Fhorásach

Ní mór a n-athbhreithniú don Fheidhmíocht Fhorásach a bheith tugtha faoi ag iarrthóirí agus a bheith suas chun dáta sula gcuirfidh siad iarratas isteach.

## 7. Ról an Iarrthóra

### 7.1. Roimh an Iarratas

Sula ndéanfar iarratas ar ardú céime, ní mór do na hiarrthóirí a chinntiú go bhfuil na céimeanna seo a leanas sa phróiseas ardaithe céime comhlánaithe acu:

- Pléifidh iarrthóirí a n-iarratas lena gCeann Scoile.[2] Ba chóir go bpléifí forbairt fhoriomlán an iarrthóra mar chuid den chomhrá leis an gCeann Scoile. Ceann de na riachtanais a tháinig chun cinn ón uair a bunaíodh an próiseas Feidhmíocht Fhorásach is ea plean forbartha comhaontaithe a bheith ina chuid den iarratas ar ardú céime.
- Ainmneoidh iarrthóirí ceathrar Measúnóirí Seachtracha de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa chuid "Ról an Mheasúnóra Sheachtraigh".
- Is féidir le hiarrthóirí suas le beirt mheasúnóirí sheachtracha a lua nach mian leo a áireamh mar mheasúnóirí seachtracha.

### 7.2. An Próiseas Iarratais

Beidh ar iarrthóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar ardú céime a n-iarratas a chur isteach trí chóras iarratais ar líne Ollscoil na Gaillimhe. Ba chóir iarratais a chur i láthair go héifeachtach; bídís críochnúil ach achomair san am céanna, agus bídís ag cloí leis na teorainneacha maidir le líon focal agus le fad na n-iarratas sa chás go luaitear a leithéid. Sa chás go ndearna iarrthóir iarratas ar ardú céime roimhe seo ach nár éirigh leis/léi, is gnách go soláthrófar ráiteas ina sonraítear an chaoi ar tugadh aghaidh ar an aiseolas ón iarratas sin.

Ní mór d'iarrthóirí sonraí faoina stair fostaíochta a sholáthar. Tá sé sin san fhoirm iarratais.

---

[2] *I gcás iarrthóirí a bhfuil comhcheapachán acu, ba chóir dóibh labhairt leis an dá Cheann Scoile. Sa chás gur Ceann Scoile é/í an t-iarrthóir, ba chóir dó/di an t-iarratas a phlé lena D(h)éan Feidhmiúcháin. I gcás gur Déan Feidhmiúcháin é/í an t-iarrthóir, ba cheart dó/di an t-iarratas a phlé leis an Uachtarán nó lena (h)ainmní.*

Scríobhfaidh an Ceann Scoile tráchtaireacht ag cur síos ar iarratas an iarrthóra, faoi mhaoirseacht an Déin Feidhmiúcháin, tráth nach déanaí, de ghnáth, ná coicís tar éis spriocdháta na n-iarratas (féach cuid 8 agus 9). Ní mór do thráchtaireacht an Chinn Scoile agus an Déin Feidhmiúcháin a bheith bainteach go sonrach le fiúntas iarratas an iarrthóra agus ní ceadmhach cúinsí eile a bhaineann le haon ghné eile den Scoil nó den Choláiste a chur san áireamh, mar shampla cúrsaí airgeadais, etc. Tá an t-iarrthóir, más mian leis/léi, i dteideal freagra a thabhairt ar an tráchtaireacht taobh istigh de choicís ó spriocdháta na n-iarratas.

Leagtar amach sa tábla thíos na teorainneacha ama a bhaineann le hiarrthóirí nach n-éiríonn leo agus ar mian leo iarratas a dhéanamh an athuair ar ardú céime.

| **Toradh an ardaithe céime** | **Teorainn ama chun iarratas a dhéanamh an athuair** |
|---|---|
| Teip de bhun critéar amháin nach croí-chritéar é ach gan ardú céime tugtha | Ní féidir iarratas a dhéanamh arís ar aon leibhéal go ceann bliana |
| Teip de bhun aon chroí-chritéar | Ní féidir iarratas a dhéanamh arís ar aon leibhéal ar feadh 2 bhliain |
| Teip de bhun níos mó ná critéar amháin nach croí-chritéir iad | Ní féidir iarratas a dhéanamh arís ar aon leibhéal ar feadh 2 bhliain |

## 8. Ról an Chinn Scoile

Déanfaidh an Ceann Scoile an méid seo a leanas:-

- Comhairle a chur ar chomhaltaí foirne acadúla incháilithe sa Scoil maidir lena mianta ardaithe céime agus le huainiú a n-iarratas.
- An t-iarratas a phlé leis an iarrthóir ionchasach. Ba chóir go ndíreodh an comhrá seo freisin ar riachtanais forbartha an iarrthóra.
- Tráchtaireacht ghearr a thabhairt ar iarratas an iarrthóra ar ardú céime. Tabharfaidh an Ceann Scoile a t(h)uairim maidir lena mhéid a ndeachaigh an t-iarrthóir i ngleic leis an bpróiseas Feidhmíocht Fhorásach.
- Sa chás go ndearna an t-iarrthóir iarratas ar ardú céime roimhe seo agus nár éirigh leis/léi, déanfaidh an Ceann Scoile trácht ar an gcaoi ar tugadh aghaidh ar an aiseolas ón iarratas sin.
- Ainmneoidh an Ceann Scoile:
    - Ceathrar Measúnóirí Seachtracha d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar ardú céime chuig Ollamh Bunaithe;
    - Ceathrar Measúnóirí Seachtracha d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar ardú céime chuig Ollamh le;
    - Ceathrar Measúnóirí Seachtracha d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar ardú céime chuig Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach.
- Ba chóir don Cheann Scoile teagmháil a dhéanamh leis an gCeann Disciplín i ndisciplín

an iarrthóra nuair atá liosta na Measúnóirí Seachtracha á thiomsú aige/aici. Ní roinnfear liosta ainmnithe an Chinn Scoile leis an iarrthóir. Tá tuilleadh sonraí le fáil sa chuid a bhaineann le tuairiscí na Measúnóirí Seachtracha.

- Sa chás gur Ceann Scoile é/í an t-iarrthóir, tabharfaidh an Déan Feidhmiúcháin faoi fheidhm an Chinn Scoile maidir leis an bPolasaí seo i gcás gach iarrthóir ón Scoil sin sa bhabhta iarratas sin. I gcás gur Déan Feidhmiúcháin é/í an t-iarrthóir, ainmneoidh an tUachtarán comhalta sinsearach den Choláiste chun tabhairt faoin ról sin.

## 9. Ról an Déin Feidhmiúcháin

Déanfaidh an Déan Feidhmiúcháin an méid seo a leanas:

- Maoirseacht a dhéanamh ar thráchtaireacht an Chinn Scoile, agus a s(h)íniú a chur léi. Beidh an tráchtaireacht seo ar fáil don iarrthóir le trácht uirthi. Tá sé de cheart ag an iarrthóir freagra a thabhairt ar an tráchtaireacht.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na Measúnóirí Seachtracha ainmnithe a chuir an Ceann Scoile ar fáil, agus féadfaidh sé/sí trácht a dhéanamh ar an liosta seo, nó cur leis. Ní roinnfear liosta ainmnithe an Chinn Scoile agus an Déin Feidhmiúcháin leis an iarrthóir seachas mar a leagtar amach i gCuid 16 thíos.
- Sa chás gur Déan Feidhmiúcháin an t-iarrthóir, ainmneoidh an tUachtarán comhalta sinsearach den fhoireann acadúil chun tabhairt faoin ról seo.

## 10. Ballraíocht an Choiste Arduithe Céime Acadúla

Beidh Coiste Arduithe Céime Acadúla (APC) ann a bheidh freagrach as iarratais ar ardú céime suas go dtí an leibhéal "Ollamh le " agus an leibhéal sin san áireamh, mar aon le Coiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe, a dhéanfaidh breithniú ar iarratais ar ardú céime chuig Ollamh Bunaithe. Beidh sciar suntasach de na baill ina mbaill den dá choiste, mar a leagtar amach thíos, d'fhonn leanúnachas agus dul chun cinn na leibhéal measúnaithe a chosaint. Is é an tUachtarán a mholfaidh ballraíocht an dá choiste agus déanfaidh an Chomhairle Acadúil iad a fhaomhadh. Foilseofar liosta na n-ainmneacha faofa ar an láithreán gréasáin Arduithe Céime.

***Ballraíocht an Choiste Arduithe Céime Acadúla:***

- An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach) (ex officio)
- An Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht (ex officio)
- Beirt (2) Lán-Ollúna ó gach Coláiste (Fear amháin, Bean amháin)[3] as réimsí éagsúla
- Ceathrar (4) Ainmnithe de chuid an Uachtaráin nach mór dóibh a bheith ina Lán-Ollúna (ba cheart go mbeadh cothromaíocht inscne ar an mBord agus go ndéanfaí breithniú chomh maith ar leithead ionadaíocht na ndisciplíní).
- Beirt (2) mheasúnóirí maoirseachta neamhspleácha, duine amháin ó réimse STEM,

[3] *Ceapfaidh an Chomhairle Acadúil baill an Choláiste tar éis don Choláiste iad a ainmniú. Cuimsítear le 'Lán-Ollamh' Ollamh Bunaithe agus Ollamh Pearsanta araon.*

duine eile ó réimse ABL, a bhfuil taithí shuntasach acu ar arduithe céime i suíomh Ardoideachais. Ainmneoidh an tUachtarán ceathrar (4) ball seachtrach agus déarfaidh na Ceardchumainn cé acu na hainmnithe is fearr leo.

***Ballraíocht an Choiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe (EPPC):***

- An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach) (ex officio)
- An Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht (ex officio)
- Ollamh bunaithe amháin (1) ar a laghad ó gach Coláiste, arna tharraingt de ghnáth ó ainmnithe an Choláiste ar an APC
- Triúr (3) ainmnithe seachtracha, lena n-áirítear an bheirt (2) mheasúnóirí maoirseachta neamhspleácha ón APC, agus ainmní amháin eile arna gceapadh ag an Uachtarán, nach mór dóibh a bheith ina Lán-Ollúna
- Beidh an EPPC cruinn cothrom ó thaobh inscne de. Déanfar fairsinge na hionadaíochta ó na disciplíní éagsúla a bhreithniú freisin.

Seachas na baill ex officio agus seachtracha, is iondúil go mairfidh téarma ballraíochta an APC agus an EPPC trí bliana, tréimhse a d'fhéadfaí a athnuachan, i gcásanna eisceachtúla, go ceann trí bliana eile nuair is gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le comhsheasmhacht agus leanúnachas. Tá ballraíocht an APC agus an EPPC faoi réir a hathbhreithnithe ag an Uachtarán, de réir mar is gá.

Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go bhfuil córam ag cruinnithe.

Fágann sé sin, i gcás an APC, go mbeidh deichniúr ball, ar a laghad, i láthair, agus gur mná iad 40% agus gur fir iad 40% ar a laghad díobh siúd. I gcás nach amhlaidh atá, déanfar an cruinniú a chur siar. Ina theannta sin, caithfidh beirt chomhaltaí foirne ar a laghad ó Choláiste an iarratasóra a bheith i láthair nuair a dhéantar an t-iarratas sin a mheas. Coinneofar súil ar thinreamh go bliantúil agus, más gá, cuirfear moltaí faoi bhráid na Comhairle Acadúla chun ballraíocht an APC a athrú.

Fágann sé sin, i gcás an EPPC, go mbeidh seisear ball, ar a laghad, i láthair, agus gur mná iad 40% agus gur fir iad 40% ar a laghad díobh siúd. I gcás nach amhlaidh atá, déanfar an cruinniú a chur siar. Ina theannta sin, caithfidh an bheirt chomhaltaí foirne ó Choláiste an iarratasóra, nó ón gColáiste gaolmhar, a bheith i láthair nuair a dhéantar an t-iarratas sin a mheas. Coinneofar súil ar thinreamh go bliantúil agus, más gá, cuirfear moltaí faoi bhráid na Comhairle Acadúla chun ballraíocht an EPPC a athrú.

Reáchtálfaidh Cathaoirleach an APC ceardlanna d'iarrthóirí mí amháin, nó mar sin, roimh an spriocdháta d'iarratais.

Déanfaidh an APC agus an EPPC, de réir nósanna imeachta na scéime, breithniú ar choimhlintí leasa iarbhír nó braite nó féideartha mar chuid dá bplé, agus iad ag féachaint do Pholasaí na hOllscoile maidir le Coimhlint Leasa QA413, Polasaí Earcaíochta agus Roghnúcháin QA146 agus na Nósanna Imeachta a ghabhann leis agus féachfaidh sé freisin do na samplaí arna leagan amach i dTreoirlínte Coimhlinte Leasa na scéime.

Tacóidh Acmhainní Daonna leis an riarachán don APC agus EPPC, agus beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna nó a (h)ainmní i láthair ag gach cruinniú.

## 11. Ról an Choiste Arduithe Céime Acadúla agus an Choiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe

Déanfar gach iarrthóir a bhfuil iarratas déanta aige/aici ar ardú céime a mheas faoi na trí chritéar seo a leanas:

- Taighde agus Léann
- Teagasc agus Foghlaim
- Ceannaireacht Acadúil agus Cion Oibre

Déanfaidh an APC agus EPPC iarrthóirí a mheas i gcoinne chritéir na scéime. Táthar ag súil go ndéanfaidh agus go léireoidh iarrthóirí cás láidir soiléir go bhfuil siad ag feidhmiú faoi láthair ag an leibhéal a bhfuil iarratas déanta acu air, agus go bhfuil díocas orthu agus go bhfuil sé de chumas iontu leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ag an leibhéal sin. Ba chóir d'iarrthóirí an Creat Inniúlachta do Róil Acadúla in Ollscoil na Gaillimhe a cheadú agus an cás seo á dhéanamh acu.

Nuair a fhaightear iarratas ar ardú céime, is é an APC nó an EPPC, de réir mar is cuí, a dhéanfaidh cinneadh maidir le cás prima facie a bheith ann chun an t-iarratas a mheas. Má chinneann an Coiste Arduithe Céime Acadúla:

- go bhfuil cás prima facie ann, cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig Measúnóirí Seachtracha;
- nach bhfuil cás prima facie ann, cuirfear aiseolas ar fáil don iarrthóir.

I gcás iarrthóirí a bhfuil cás prima facie ann dóibh, déanfaidh an Coiste Arduithe Céime Acadúla:

- An liosta deiridh Measúnóirí Seachtracha ionchasacha a chuir an t-iarrthóir agus an Ceann Scoile/an Déan Feidhmiúcháin i láthair a roghnú agus a fhaomhadh. Is féidir leis an APC nó an EPPC, ar bhonn eisceachtúil[4], ainmneacha breise a chur leis an liosta, agus cuirfear ar an taifead na cúinsí a d'fhág go raibh sé sin riachtanach.
- Ach an líon cuí measúnuithe seachtracha a bheith faighte, gach iarratas ar ardú céime chuig Ollamh Bunaithe, Ollamh le agus Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach a mheas. Agus iad i mbun measúnaithe, déanfaidh an APC nó an EPPC an fhianaise go léir a sholáthraíonn an t-iarrthóir a bhreithniú, agus cuirfidh tuairimí an Chinn Scoile agus an Déin Feidhmiúcháin agus tuairiscí na Measúnóirí Seachtracha bonn faisnéise leis an mbreithniú sin, ach ní bheidh cinneadh an Choiste srianta ag na tuairimí sin.
- Cinneadh maidir le hainmneacha na n-iarrthóirí a mholfar don Uachtarán ardú céime

[4] *I gcás eisceachtúil, má bhíonn láidreachtaí an iarrthóra i réimse ina bhfuil sé deacair teacht ar shaineolaithe seachtracha a bhfuil an saineolas cuí acu, d'fhéadfaí roinnt measúnóirí seachtracha a cheapadh nach bhfuil gníomhach díreach sa disciplín nó san fho-dhisciplín céanna leis an iarrthóir, ach ar féidir leo a thaispeáint go bhfuiltear eolach ar chaighdeáin sármhaitheasa sa disciplín sin agus atá cáilithe mar sin chun an t-iarrthóir a mheas i gcoinne na gcritéar.*

a thabhairt dóibh, chun go nglacfar leo.
- Cinneadh maidir le hainmneacha na n-iarrthóirí nach molfar don Uachtarán ardú céime a thabhairt dóibh, chun go nglacfar leo.

## 12. An Measúnóir Seachtrach

### 12.1. Inniúlacht an Mheasúnóra Sheachtraigh

Ba chóir go mbeadh na Measúnóirí Seachtracha:-

- I gcás iarratas ar ardú céime chuig Ollamh Bunaithe agus Ollamh le, ag leibhéal Lán-Ollaimh.
- I gcás iarratas ar ardú céime chuig Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach, ag leibhéal Ollaimh le/Ollaimh Phearsanta ar a laghad, mar a úsáidtear san Ollscoil seo é, nó a chomhionann in áiteanna eile.
- Ag saothrú i bpríomhinstitiúid acadúil, nó tar éis éirí as post den sórt sin le cúig bliana anuas.
- Ina scoláirí ceannródaíocha agus próifíl idirnáisiúnta acu.
- Eolach ar na noirm i ndisciplín acadúil an iarrthóra agus cáilithe chun trácht a dhéanamh ar éachtaí an iarrthóra agus ar a (h)oiriúnacht don ardú céime.
- Slán ó aon choimhlint leasa fhollasach.
- Ní moltóirí iad Measúnóirí Seachtracha, agus níor cheart aon duine a ainmniú a raibh an t-iarratasóir ag obair leis/léi roimhe seo. Ní fhéadfaidh Measúnóir Seachtrach a bheith ina scrúdaitheoir seachtrach ar chúrsaí múinte ná ar aon PhD a stiúir an t-iarrthóir le 5 bliana roimh dháta an iarratais.
- Ba chóir go mbeadh an liosta cothrom ó thaobh inscne de agus go mbeadh ionadaíocht láidir measúnóirí idirnáisiúnta air as fud fad na cruinne, ba cheart go mbeadh na hainmniúcháin measúnóirí go léir ag teacht ó Ollscoileanna éagsúla, is féidir uasmhéid 2 ainmniúchán san iomlán a bheith ó Institiúidí i bPoblacht na hÉireann.
- Sa chás gurb as Institiúid Taighde duine de na hainmnithe, ní mór don ainmní a bheith in ann a thaispeáint go follasach go bhfuil sé/sí in ann trácht a dhéanamh ar gach gné den phróifíl acadúil i.e. Teagasc agus Foghlaim, cion oibre. Níl ainmniúcháin ó mhaoinitheoirí taighde, ó fhondúireachtaí carthanachta ná ó eagraíochtaí rialtais oiriúnach.

### 12.2. Ról an Mheasúnóra Sheachtraigh

- Éilítear ar Mheasúnóirí Seachtracha measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar ardú céime a chuirtear chucu le haghaidh athbhreithnithe. ***Níor*** chóir dóibh teistiméireacht a chur ar fáil don iarrthóir. Maidir le haon mheasúnú a mheasann an Coiste gur scríobhadh mar theistiméireacht é, cuirfear i leataobh é agus lorgófar measúnuithe eile ina n-áit.
- Beidh ar Mheasúnóirí Seachtracha feidhmíocht acadúil an iarrthóra san iomlán a mheas. Tabharfar cuireadh dóibh measúnacht neamhspleách agus neamhchlaonta a

thabhairt ar leibhéal éachtaí an iarrthóra sna réimsí Taighde agus Léann, Teagasc agus Foghlaim, agus Ceannaireacht Acadúil agus Cion Oibre, ag tagairt don Chreat Inniúlachta do Róil Acadúla in Ollscoil na Gaillimhe, agus na noirm don disciplín á gcur san áireamh acu.

- Ina theannta sin, iarrfar ar Mheasúnóirí Seachtracha trácht a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
    - An bhfuil fianaise shoiléir ann ar threo chun feabhais agus clár oibre ceannródaíoch;
    - An gcomhlíonann an cás caighdeáin idirnáisiúnta d'ardú céime go dtí an leibhéal ábhartha;
    - Seasamh an iarratais i gcomparáid le hiarratais ar éirigh leo le déanaí ar ardú céime go dtí an leibhéal coibhéiseach laistigh d'institiúid an mheasúnóra féin.
- Éileofar ar Mheasúnóirí Seachtracha dearbhú maidir le coimhlint leasa a shíniú a ghabhfaidh lena measúnuithe.

### 12.3. Próiseas Ainmniúcháin do Mheasúnóir Seachtrach

- Ainmneoidh iarrthóir ceathrar measúnóirí seachtracha féideartha le faomhadh ag an APC nó an EPPC, mar is cuí. Ní mór don Choláiste a dheimhniú go bhfuil gach Measúnóir Seachtrach a ainmnítear ar fáil agus sásta glacadh leis an dualgas seo. Is féidir le hiarrthóirí suas le beirt mheasúnóirí sheachtracha a lua nach mian leo a áireamh mar mheasúnóirí seachtracha.
- Ainmneoidh an Ceann Scoile/an Déan Feidhmiúcháin:[5]
    - Ceathrar Measúnóirí Seachtracha d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar ardú céime chuig Ollamh Bunaithe;
    - Ceathrar Measúnóirí Seachtracha d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar ardú céime chuig Ollamh le;
    - Ceathrar Measúnóirí Seachtracha d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar ardú céime chuig Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach;
    - I gcásanna ina mbeidh saineolas breise de dhíth, féadfaidh an APC nó an EPPC filleadh ar an gCeann Scoile chun go ndéanfar tuilleadh ainmniúchán.
- Ba chóir go mbeadh an liosta cothrom ó thaobh inscne de agus go mbeadh ionadaíocht láidir measúnóirí idirnáisiúnta air as fud fad na cruinne, ba cheart go mbeadh na hainmniúcháin measúnóirí go léir ag teacht ó Ollscoileanna éagsúla, is féidir uasmhéid 2 ainmniúchán san iomlán a bheith ó Institiúidí i bPoblacht na hÉireann.
- Sa chás gurb as Institiúid Taighde duine de na hainmnithe, ní mór don ainmní a bheith in ann a thaispeáint go follasach go bhfuil sé/sí in ann trácht a dhéanamh ar gach gné den phróifíl acadúil i.e. Teagasc agus Foghlaim, cion oibre. Níl ainmniúcháin ó mhaoinitheoirí taighde, ó fhondúireachtaí carthanachta ná ó eagraíochtaí rialtais oiriúnach.

[5] *Ba chóir don Cheann Scoile agus don Déan Feidhmiúcháin cuí an liosta seo a aontú. I gcás easaontais, is ag an Déan a bheidh an cinneadh deiridh.*

- Féadfaidh an Ceann Scoile agus an Déan Feidhmiúcháin comhairle a lorg ón gCeann Disciplín, sa chás gurb ann do dhisciplíní, nuair atá an liosta fada de Mheasúnóirí Seachtracha ionchasacha á chur le chéile. I Scoileanna móra, féadfaidh an Ceann Scoile Ceann Rannóige a ainmniú chun liosta de Mheasúnóirí Seachtracha féideartha a sholáthar, más cuí.
- Sa chás go gcinnfidh an APC nó an EPPC go bhfuil cás prima facie léirithe ag iarrthóir, déanfaidh sé an liosta Measúnóirí Seachtracha atá curtha ar fáil ag an iarrthóir agus, as féin, liosta an Chinn Scoile/an Déin Feidhmiúcháin, a mheas agus tiocfaidh sé ar chomhaontú maidir leo, agus seolfaidh sé comhfhreagras ag tabhairt cuireadh do na measúnóirí measúnú a chur isteach do na hiarrthóirí. Tá tuairiscí comhlánaithe na measúnóirí seachtracha ag teastáil mar seo a leanas:
    - Ardú Céime chuig Léachtóir Sinsearach/ Ollamh Comhlach: Dhá thuairisc ó mheasúnóirí seachtracha
    - Ardú céime chuig Ollamh le: Trí thuairisc ó mheasúnóirí seachtracha
    - Ardú Céime chuig Ollamh Bunaithe: Trí thuairisc ó mheasúnóirí seachtracha
- Ní féidir cinneadh i bhfabhar iarratas ar ardú céime a dhéanamh in éagmais an líon riachtanach tuairiscí ó Mheasúnóirí Seachtracha don iarrthóir.

## 13. Deireadh an Phróisis

Tar éis dheireadh an phróisis:

- Cuirfidh Acmhainní Daonna ainmneacha na n-iarrthóirí atá molta ag an APC nó an EPPC d’ardú céime ar aghaidh chuig an Uachtarán chun go nglacfar leo.
- Cuirfidh Acmhainní Daonna ainmneacha na n-iarrthóirí nach bhfuil molta ag an APC nó an EPPC d’ardú céime ar aghaidh chuig an Uachtarán chomh maith.
- Tar éis don Uachtarán glacadh leis na moltaí, cuirfidh Cathaoirleach an Choiste an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl i scríbhinn do na hiarrthóirí agus tabharfar tuairisc aiseolais dóibh ar an gcúis/na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.
- Ba chóir d’iarrthóir a bhfuil cóipeanna dá t(h)uairiscí ó na Measúnóirí Seachtracha de dhíth air/uirthi teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Saorála Faisnéise.
- Cuirfear torthaí an phróisis measúnaithe in iúl do Dhéin na gColáistí agus do na Cinn Scoile agus cuirfear cóip de na tuairiscí aiseolais ar fáil dóibh maidir leis na hiarrthóirí óna Scoil/Coláiste.
- Tabharfar deis d’iarrthóirí (seachas iarrthóirí Ollaimh Bhunaithe a n-éiríonn leo) aiseolas ó bhéal a fháil freisin, de ghnáth laistigh de 30 lá ó thoradh an iarratais a bheith curtha in iúl dóibh. Soláthróidh beirt bhall den APC nó den EPPC an t-aiseolas ó bhéal (go hiondúil an ball a dhréachtaíonn aiseolas an iarrthóra agus ball amháin eile den Choiste).
- Tar éis aiseolas ó bhéal a thabhairt, déanfar nóta gairid den chruinniú aiseolais a dhréachtú agus a choinneáil mar thaifead ar an gcruinniú. Seolfar an nóta chuig an iarrthóir le hathbhreithniú agus le comhaontú tar éis an chruinnithe aiseolais ó bhéal.
- Cuirfear in iúl d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile cé hiad na hiarrthóirí ar éirigh leo mar mhír ghnáthaimh.

- Seolfar liosta de na hiarrthóirí ar éirigh leo ardú céime a fháil ar aghaidh lena gcur ar an taifead ag an gcéad chruinniú eile d'Údarás na hOllscoile agus den Chomhairle Acadúil nuair a bheidh deireadh leis an bpróiseas.
- Féadfar na Measúnóirí Seachtracha a chur ar an eolas faoi thoradh iarratas an iarrthóra ar sholáthair sé/sí measúnú dó/di.
- Is é an dáta éifeachtach a dtiocfaidh arduithe céime i bhfeidhm do na hiarrthóirí ar éirigh leo an chéad lá de mhí Aibreáin dár gcionn (i gcás iarratas arna ndéanamh faoi spriocdháta mhí Lúnasa) nó de mhí Dheireadh Fómhair dár gcionn (i gcás iarratas arna ndéanamh faoi spriocdháta mhí Feabhra). Ceapfar iarrthóirí ag an gcéad phointe ar an scála a bhfuil ardú céime faighte acu chuige, ach amháin sa chás go sáraíonn a dtuarastal reatha an méid sin cheana féin, agus sa chás sin ceapfar iad ag an gcéad phointe os cionn a dtuarastail reatha.

**14. Aiseolas**

Glacfar nótaí cruinne mar chuid den phróiseas a léiríonn an bunús a bhí leis an gcinneadh a rinneadh. Ar mhaithe le trédhearcacht, dea-chleachtas agus forbairt foirne, tabharfar aiseolas scríofa do gach iarrthóir ar a n-iarratas ag deireadh an phróisis, mar aon leis an deis aiseolas ó bhéal a fháil ón gCathaoirleach, nó óna (h)ainmní, agus ó bhall amháin eile den an APC nó EPPC, mar is cuí.

Tacóidh na nótaí seo leis an gcinneadh maidir le hardú céime a chur in iúl ionas go mbeidh dóthain soiléireachta ag an iarratasóir agus go bhforbrófar nasc idir an t-aiseolas a fhaightear agus an próiseas Feidhmíocht Fhorásach, nuair a bhunófar é, ionas gur féidir aiseolas a shníomh isteach i bplean forbartha an duine.

Is féidir le comhghleacaí as Ollscoil na Gaillimhe nó ionadaí ceardchumainn a bheith in éineacht le hiarrthóirí atá ag freastal ar chruinniú aiseolais. Ní mór ainm an chomhghleacaí/ionadaí, agus a c(h)aidreamh leis an iarrthóir, a chur ar aghaidh chuig Acmhainní Daonna 3 lá oibre roimh an gcruinniú aiseolais.

**15. Rúndacht**

Coimeádfaidh gach rannpháirtí rúndacht i rith an phróisis. Beidh an plé ar fad le linn an phróisis measúnaithe agus aon sonraí a ghintear faoi rún ag baill an APC nó an EPPC, mar is cuí. Ní scaoilfear ainmneacha na n-iarrthóirí a bhfuil ardú céime faighte acu go dtí go mbeidh glactha ag an Uachtarán le moltaí an APC nó an EPPC agus go mbeidh na hiarrthóirí curtha ar an eolas dá réir.

**16. Saoráil Faisnéise**

Tagann an Ollscoil faoi théarmaí an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tugann an reachtaíocht

seo ceart dlíthiúil do dhaoine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh na hOllscoile a bhaineann leo agus ceart dlíthiúil chun cúiseanna a fháil maidir le cinntí a raibh tionchar ábhartha acu orthu.

Mar sin féin, gan dul i muinín an Achta um Shaoráil Faisnéise, gheobhaidh iarrthóirí, ag deireadh an phróisis measúnaithe, nóta scríofa a chuireann síos go mion ar an gcinneadh maidir le hardú céime ionas go mbeidh dóthain soiléireachta ag an iarratasóir maidir le bunús an chinnidh. Cuirfear taifid mheasúnachta eile, seachas cinn an mheasúnóra sheachtraigh, cosúil le miontuairiscí, nótaí pearsanta, cáipéisí plé, agus comhfhreagras ar fáil freisin má iarrtar iad.

Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh gach taifead measúnaithe sách soiléir agus mionsonraithe le go gcomhlíonfaí iarratas ar na cúiseanna a bhí leis na cinntí.

Is féidir cáipéisí eile, mar shampla tuairiscí an mheasúnóra sheachtraigh, a lorg tríd an bpróiseas Saorála Faisnéise, más gá.[6]

## 17. Achomhairc

### 17.1. Ról agus Comhdhéanamh an Choiste

i. Bunófar an Coiste Achomhairc Arduithe Céime Acadúla (APAC) mar choiste neamhspleách. A luaithe is a mholfar an bhallraíocht mar atá leagtha amach i gclásal ii, déanfaidh Údarás na hOllscoile í a fhaomhadh.

ii. Cúigear comhaltaí a bheidh ar an APAC, agus is mar seo a leanas a cheapfar iad:

  a. Lán-Ollamh Emeritus nach ball d'Údarás na hOllscoile é/í (atá imithe ar scor le déanaí) le ceapadh mar Chathaoirleach ó ghearrliosta d'iarrthóirí féideartha trí chomhaontú idir bainistíocht Ollscoil na Gaillimhe agus na ceardchumainn;
  b. Beirt chomhaltaí acadúla shinsearacha d'fhoireann acadúil Ollscoil na Gaillimhe (ag leibhéal Lán-Ollaimh, fear amháin agus bean amháin) le ceapadh ag an Uachtarán;
  c. Duine amháin ó fhoireann acadúil Ollscoil na Gaillimhe (ag leibhéal Lán-Ollaimh) le toghadh ag an gComhairle Acadúil;
  d. Duine acadúil seachtrach amháin (ag leibhéal Lán-Ollaimh) le hainmniú ag IFUT agus SIPTU.

iii. Beidh téarma oifige Chathaoirleach APAC ag teacht le téarma Údarás na hOllscoile.

iv. Ní bheidh baill APAC ina mbaill den Choiste Arduithe Céime Acadúla (APC) ná den

[6] Tá tuilleadh eolais faoi Oifig Saorála Faisnéise Ollscoil na Gaillimhe ar fáil ag: http://www.universityofgalway.ie/foi/

Choiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe (EPPC) ag an am céanna.

v. Cinnteoidh gach páirtí go bhfuil ar a laghad beirt de gach inscne ar an APAC. (Féach Aguisín 1.)

vi. Beidh tacaíocht le fáil ag an APAC, más gá, ón Oifig Gnóthaí Corparáideacha agus Dlí.

### 17.2. Nósanna Imeachta Coiste

i. Tabharfar an deis d'iarrthóirí nach bhfuil sé molta ag an APC nó an EPPC ardú céime a thabhairt dóibh aiseolas a fháil i scríbhinn agus ó bhéal mar aon leis na scóir maidir lena n-iarratais, ag teacht le cuid 14 thuas. Ní dhéanfaidh an APAC breithniú ar achomharc ach amháin tar éis don iarrthóir aiseolas ó bhéal a bheith faighte aige/aici. Ní mór achomhairc a dhéanamh ar an Ollscoil tráth nach déanaí ná tríocha lá tar éis an chruinnithe ag a gcuirtear aiseolas ó bhéal ar fáil.

ii. Is é ról an APAC breithniú a dhéanamh ar aon achomharc, i scríbhinn, ó iarrthóirí ar ardú céime, bunaithe ar lochtanna líomhainte i gcur i bhfeidhm na nósanna imeachta maidir le hardú céime arna leagan amach i bpolasaithe agus nósanna imeachta na hollscoile. Seo a leanas an t-aon bhonn a bheidh le hachomharc:

   a. Gan polasaithe agus nósanna imeachta na hOllscoile a leanúint agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar ardú céime. Tá gach polasaí agus nós imeachta Ollscoile faoi réir riachtanais reachtúla/frith-idirdhealaitheacha;
   b. Ceartas nádúrtha a shéanadh;
   c. É a bheith soiléir gur cuireadh na critéir ardaithe céime i bhfeidhm go héagórach nó go míréasúnta.

iii. Is é ról an APAC a bhreithniú cibé acu an raibh an próiseas cuí i réim agus an APC nó an EPPC i mbun breithnithe ar iarratas ar ardú céime. Dá réir sin, ní bheifear ag éisteacht an athuair leis an iarratas san achomharc, ná ag déanamh athbhreithniú ginearálta ar an iarratas.

iv. Caithfidh an té a dhéanann achomharc na cúiseanna atá leis an achomharc a thabhairt agus a léiriú cén fáth a raibh an próiseas ardaithe céime chomh lochtach sin go raibh tionchar aige ar an gcinneadh. Ní bhainfidh breithniú an APAC ach leis na saincheisteanna a bhfuil aird tarraingthe orthu san fhoras achomhairc. Breithneoidh an APAC fianaise úr mar thaca leis an achomharc nuair a bheidh sí ábhartha, agus nuair a bheidh sí ag tacú leis an locht atá líomhainte.

v. Agus achomharc á bhreithniú aige, tabharfaidh an APAC deis don an APC nó an EPPC trácht a dhéanamh ar an achomharc.

vi. Cinnfidh an APAC an bhféadfadh tionchar a bheith ag aon cheann de na lochtanna a líomhnaítear ar an toradh. Beidh na hábhair go léir atá ar fáil don an APC nó an EPPC ar fáil dóibh.

vii. Is faoin APC nó an EPPC amháin atá sé na caighdeáin acadúla atá le húsáid sa phróiseas ardaithe céime a leagan síos. Ní bheidh d'éifeacht ag aon ní sa phróiseas seo go gcuirfí breithiúnas acadúil difriúil in ionad an bhreithiúnais acadúil sin ar tháinig an APC nó an EPPC air go bailí.

viii. Féadfaidh an APAC teacht ar cheann de na conclúidí seo a leanas:

a. Níor aimsíodh aon locht ar an nós imeachta. <u>Ní sheastar leis an achomharc.</u> Cuirfidh an APAC réasúnaíocht shoiléir ar fáil i scríbhinn don achomharcóir agus don APC nó EPPC maidir lena chinneadh;
b. Fuarthas amach go raibh lochtanna ar na nósanna imeachta, ach meastar nach raibh tionchar acu ar an toradh. <u>Ní sheastar leis an achomharc.</u> Cuirfidh an APAC réasúnaíocht shoiléir ar fáil i scríbhinn don achomharcóir agus don APC nó EPPC maidir lena chinneadh. Éileoidh an APAC go réiteoidh an APC nó an EPPC na lochtanna nós imeachta a fuair an APAC agus soláthróidh sé dóthain mionsonraí don APC nó EPPC maidir leis an locht chun ligean don APC nó EPPC bunús an chinnidh a thuiscint. Éilítear ar an APC nó an EPPC a chinntiú go gcuirtear réiteach i bhfeidhm. Cuirfidh an APC nó an EPPC an APAC ar an eolas faoin ngníomh atá beartaithe chun an scéal a leigheas;
c. Bhí lochtanna ar na nósanna imeachta, agus meastar go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an toradh. <u>Seastar leis an achomharc.</u> Cuirfidh an APAC a chinneadh, agus torthaí an chinnidh sin, in iúl don achomharcóir i scríbhinn. Éileoidh an APAC go réiteoidh an APC nó an EPPC na lochtanna ar na nósanna imeachta a fuair an APAC agus soláthróidh sé dóthain mionsonraí don APC nó EPPC maidir leis an locht chun ligean don APC nó EPPC bunús an chinnidh a thuiscint. Éilítear ar an APC nó an EPPC a chinntiú go gcuirtear réiteach i bhfeidhm agus déanfaidh siad an t-iarratas a bhreithniú an athuair.

ix. D'fhéadfadh ceann de na conclúidí seo a leanas a bheith mar thoradh ar athbhreithniú an APC nó an EPPC ar an iarratas/na hiarratais:

a. <u>An toradh bunaidh a dhiúltú.</u> An toradh atá ar an athscrúdú a rinneadh ar an iarratas go bhfuil cás prima facie ann. Seolfar an t-iarratas le haghaidh measúnú seachtrach ansin, i gcomhréir leis an nós imeachta. Má éiríonn leis an achomharc, is é dáta éifeachtach an ardaithe céime an dáta céanna do na hiarratasóirí eile ar fad sa bhabhta sin. Cuirfidh an APC nó an EPPC an réasúnaíocht ar fáil don APAC agus an cinneadh á chur in iúl aige;
b. <u>Glacadh leis an toradh bunaidh.</u> An toradh atá ar an athscrúdú a rinneadh ar an iarratas ná cloí leis an gcinneadh bunaidh gan ardú céime a thabhairt don iarrthóir. Cuirtear an moladh seo ar aghaidh chuig an APAC, agus leagtar síos an réasúnaíocht don chinneadh bunaithe ar na cúiseanna a bhí leis an

achomharc.

x. Déanfaidh an APAC machnamh ansin ar fhreagra an APC nó an EPPC agus glacfaidh sé le ceann de na cuir chuige seo a leanas:
   a. Má tá an APAC den tuairim nach ndeachaigh an APC nó an EPPC i ngleic i gceart leis na nithe a cuireadh ar ais chuige, féadfaidh sé an t-achomharc a chur ar ais faoi bhráid an APC nó an EPPC an dara huair chun go ndéanfaí é a athbhreithniú.
   b. Má tá an APAC den tuairim go ndeachaigh an APC nó an EPPC i ngleic i gceart leis na cúiseanna a bhí leis an achomharc, cuirfidh sé é sin in iúl don APC nó EPPC, agus seasfaidh an cinneadh bunaidh.

xi. Féadfaidh an APC nó an EPPC athbhreithniú a dhéanamh faoi 17.2.x.a. ar an iarratas/na hiarratais agus teacht ar cheann de na conclúidí seo:

   a. <u>An toradh bunaidh a dhiúltú.</u> Is é an toradh a bheidh ar athscrúdú breise ar an iarratas ná go nglactar go bhfuil cás prima facie ann. Cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chun go ndéanfar measúnú seachtrach air ansin de réir théarmaí an Pholasaí seo agus na nósanna imeachta gaolmhara. Má éiríonn leis an achomharc, is é dáta éifeachtach an ardaithe céime an dáta céanna do na hiarratasóirí eile ar fad sa bhabhta sin. Cuirfidh an APC nó an EPPC an réasúnaíocht ar fáil don APAC agus an cinneadh á chur in iúl aige;
   b. <u>Glacadh leis an toradh bunaidh.</u> An toradh atá ar an athscrúdú breise a rinneadh ar an iarratas ná cloí leis an gcinneadh bunaidh gan ardú céime a thabhairt don iarrthóir. Déanfar an réasúnaíocht a bhí leis an gcinneadh a chur i gcoinne na bhforas ar seasadh leis an achomharc. Is é seo an cinneadh deiridh.

xii. Ag deireadh an phróisis achomhairc, cuirfidh an APAC an cinneadh in iúl don achomharcóir, agus cuirfear in iúl dó/di cad é an bunús soiléir a bhí leis an gcinneadh deiridh.

xiii. Is féidir moltaí agus tuairiscí an APAC ar achomhairc aonair agus go ginearálta a dhéanamh ar bhonn tromlaigh. I gcás nach d'aon ghuth a rinneadh na cinntí, cuirfear iomlán na moltaí in iúl i dtuairisc nó i dtoradh an choiste, lena n-áirítear tuairimí bhaill aonair an choiste, agus cuirfear ar fáil don achomharcóir iad ach iad a iarraidh.

xiv. Tá sé de cheart ag an iarratasóir easaontú leis na torthaí agus an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) agus chuig an gCúirt Oibreachais más gá, a luaithe agus a bheidh na nósanna imeachta inmheánacha uile triailte.

xv. Cuirfidh an APAC tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí ar fáil d'Údarás na hOllscoile.

**An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí**
**30 Eanáir 2026.**

**Aguisín 1 – Coiste Achomhairc Arduithe Céime.**

**Ballraíocht agus Nós Imeachta chun Baill a Cheapadh**

**Ballraíocht**

1. Lán-Ollamh Emeritus taobh amuigh d'Údarás na hOllscoile (agus a chuaigh ar scor le déanaí) a bheidh mar Chathaoirleach agus ceapfar é/í ó ghearrliosta d'iarrthóirí féideartha trí chomhaontú idir bainistíocht Ollscoil na Gaillimhe agus na ceardchumainn.

2. Ceapfaidh an tUachtarán beirt chomhaltaí foirne acadúla d'fhoireann acadúil Ollscoil na Gaillimhe ag leibhéal Lán-Ollaimh, fear amháin agus bean amháin.

3. Toghfaidh an Chomhairle Acadúil comhalta foirne amháin d'fhoireann acadúil Ollscoil na Gaillimhe ag leibhéal Lán-Ollaimh.

4. Ainmneoidh SIPTU agus IFUT acadóir seachtrach sinsearach amháin ag leibhéal Lán-Ollaimh.

5. Ní mór beirt ollúna mná agus beirt ollúna fir, ar a laghad, a bheith ar an gcoiste i gcónaí.

**Nós Imeachta Ceapacháin**

1. Mairfidh téarma an Chathaoirligh i ngach cás go dtí deireadh théarma oifige Údarás na hOllscoile.

2. Is iondúil go mbeidh téarma oifige trí bliana ag gach ball eile. Chun leanúnachas ballraíochta a chinntiú, cuirfidh beirt díobh sin a cheapfar ag an tús (duine ceaptha ag an Uachtarán agus duine ceaptha ag an gceardchumann acadúil) ceithre bliana isteach.

3. Tar éis don bhall den Chomhairle Acadúil a bheith tofa ag tús an phróisis, ainmneoidh na ceardchumainn ball nach den inscne chéanna é/í le hainmní na Comhairle Acadúla.

4. Nuair a fhágann beirt an Coiste, ní mór fear amháin agus bean amháin a bheith i gceist. Is bean amháin agus fear amháin a thiocfaidh ina n-áit, i.e. cuirfear ainmní ar bean í in ionad an chomhghleacaí ar fear é atá ag imeacht, agus vice versa. Cinnteoidh sé seo nach mbeidh aon pháirtí ainmniúcháin srianta go buan maidir le hinscne an té a cheapfaidh siad.

| **Ainm** | **Freagracht** |
|---|---|
| An Chomhairle Acadúil | Tabharfaidh an Chomhairle Acadúil faomhadh do ballraíocht an Choiste Arduithe Céime Acadúla (APC) agus an Choiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe (EPPC). |
| An tUachtarán | Molfaidh an tUachtarán ballraíocht an APC agus an EPPC.<br>Glacadh le moltaí an Choiste. |
| An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí | Úinéir an Pholasaí.<br>Cathaoirleach an APC agus an EPPC. |
| An Stiúrthóir Acmhainní Daonna | Freastalaíonn an Stiúrthóir Acmhainní Daonna nó a (h)ainmní ar chruinnithe den APC. Tugann Acmhainní Daonna tacaíocht riaracháin don scéim. |
| Coiste Arduithe Céime Acadúla (APC) | Cloí leis an bpolasaí, agus é a chur i bhfeidhm ina ról mar bhaill den APC |
| Coiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe (EPPC) | Cloí leis an bpolasaí, agus é a chur i bhfeidhm ina ról mar bhaill den EPPC |